



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Report to Arts, Culture, Leisure
and Recreation SPC

22nd November 2021

Item No. 14

Miontuairiscí - 3ú Meán Fómhair 2021

Miontuairiscí den chruinniú – Dé hAoine, 3ú Meán Fómhair 2021, 2pm ar Zoom

I Láthair: Ray Yeates, An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha (Cathaoirleach), An Comhairleoir Naoise Ó Muirí, An Comhairleoir Nial Ring, Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Orla McMorrow

Leithscéalta:

Ag glacadh na miontuairiscí : Catherine Neville

Clár Oibre

1. Miontuairiscí . Glacadh agus Aon ní a éiríonn. (5 nóim)
2. Aontú an Chlár (5 nóim)
3. Tuairisc ar BAC le Gaeilge Julian de Spáinn
4. Clár Oibre MF-Nollaig 2021
5. Clár Oibre 2022
6. Buiséad DCC 2022 agus an méad atá curtha in áirithe don Ghaeilge.
7. Aon ghnó eile (10 nóim)

1 & 2. Glacadh leis na Miontuairiscí agus leis an gclár.

Maidir le nithe ag eirí as na Miontuairiscí, deimhníodh go raibh Nóirín Ní Riain i dteagmháil le Mary McSweeney ó'n Oifig Fiontar Áitiúil (LEO) faoin Aip 'Gaelgoer'. Bhí Julian de Spáinn i dteagmháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta faoin gcoincheap 'Baile Átha Cliath le Gaeilge'.

3. Tuairisc ar BAC le Gaeilge Julian de Spáinn

Thug Julian de Spáinn tuairisc ar *BÁC le Gaeilge*. Bhí Julian de Spáinn i dteagmháil leis an Roinn chun 'BÁC le Gaeilge' a chur ar bun agus chun cur síos a thabairt ar na rudaí atá ar siúl i Sráid Fhearchair. Glacadh go dearfach leis an gcoincheap *BÁC le Gaeilge*. Beidh an tionscadal 'BÁC le Gaeilge' eagraithe ag Conradh na Gaeilge agus tá an logo *BÁC le Gaeilge* cruthaithe anois.

Is iad na príomh spriocanna den tuairisc:

1. Feiceálacht na Gaeilge a mhéadú
2. Úsáid na Gaeilge agus deiseanna chun an Ghaeilge a chloisteáil, a mhéadú
3. Feasacht agus eolas a roinnt
4. Imeachtaí Gaeilge a mhéadú
5. Struchtúr agus pleanáil

Spríocanna eile:

- Comhlachtaí atá lonnaithe i limistéir *BÁC le Gaeilge*, a mhealladh le seirbhísí, comharthaíocht nó eile i nGaeilge nó go dátheangach a chur ar fáil.
- 'Gradam na Fáinní' a fhorbairt le haitheantas agus le spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí sa chathair chun leas a bhaint as an nGaeilge agus chun seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Príomhgheallsealbhóirí:

- Conradh na Gaeilge
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- An tAonad Forbartha Gaeilge, Comhairle Cathrach Bhaile Átha
- An Fochoiste Gaeilge, CBS- Cultúrtha,

Geallsealbhóirí eile le díriú orthu:

- Cumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath
- Borradh
- Gnóthaí fabhrach atá ag úsáid na Gaeilge nó a bheidh amach anseo
- Institiúidí Gaeilge atá sa chathair cheana féin

Coiste Comhairleach:

Chuirfear Coiste Comhairleach ar bun le hionadaíocht ó na geallsealbhóirí ar fad le cabhrú le forbairt agus fás an tionscadail.

Tar éis na tuairisce bhí plé ginearálta agus roinnt ceisteanna. D'iarr an Cathaoirleach cóip den tuairisc bheith seolta chuig an Fochoiste. Má thagann deimhniú ón Roinn beidh airgead ar fáil ón gComhairle Chathrach do *BÁC le Gaeilge*. Moladh go mba chóir an Comhairle Chathrach agus an SPC a chur ar an eolais freisin. Bhí ceist faoin ngrúpa 'Borradh' agus cad a dhéanann siad. Mhínigh Julian de Spáinn gurb lucht gnó le Gaeilge íad a thagann le cheile go rialta leis an aidhm chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa chathair. Bhí moltaí chomh maith faoin gnóthaí cosúil le Lidl, McDonalds agus Tesco a léiríonn suim i nGaeilge cheana féin agus deis a thapú comhoibriú leo maidir le *BÁC le Gaeilge* sa todhchaí. Maidir le ceisteanna faoi seoladh agus suíomh gréasáin do *BÁC le Gaeilge*, beartaíodh go mbeadh seoladh ag *BÁC le Gaeilge* agus ag an suíomh gréasáin chomh maith. Beidh coiste Cómhairleach eagraithe againn le h-ionadaíocht ón gComhairle Cathrach.

Mhol an Cathaoirleach go mbeadh níos mó smaointe le fáil ón bhFochoiste nuair a léann siad an cáipéis ina iomlán agus go mba chóir go mbeadh aon moltaí ar an gclár de gach cruinniú eile. Mhol Comhairleoir Ring teagmháil a dhéanamh le Dublintown toisc go bhfuil ballraíocht mór acu. Aontaíodh go scríobhfadh an Fochoiste chuig Richard Guiney as Dublintown.

4 & 5. Clár Oibre Meán Fómhair -Nollaig 2021 agus Clár Oibre 2022

Bhí plé faoin Clár Oibre go dtí Nollaig 2021 agus an Clár Oibre 2022. Tar éis plé ginearálta faoi phríomh aidhmeanna an Chláir Oibre, aontíodh na haidhmeanna seo thíos:

- Lá Mór na Gaeilge le béim ar na hEalaíon,
- Comhoibriú leis na bPáirceanna i gComhairle Chathrach chun eachtraí a chur ar bun,

- Tionól Bliantúil le rannpháirtíocht ón Ciorcail Comhra ar fud an chathair
- Suirbhé chun sonraí a bhailiú ar Gaeilge sa chathair.

Aontaíodh go mbeadh foireann breise & cabhair de dhíth ón Oifigeach Gaeilge chun aidhmeanna an Chlár a bhaint amach.

6. Buiséad DCC 2022 agus an méid atá curtha in áirithe don Ghaeilge

Bhí plé faoin buiséad DCC agus an méid atá curtha in áirithe don Ghaeilge. Beidh tríocha míle curtha ar fáil do *BÁC le Gaeilge* sa bhliain 2022 agus moltar go mbeadh seachtó míle ar fáil don bhFochoiste chun an Clár Oibre a bhaint amach go huaimhianach/go rathúil. Bhí plé freisin faoin gCiste Lánroghnach agus an mbeadh seans aon airgead ar fáil don Ghaeilge.

7. Aon Ghnó eile

Mhol Comhairleoir Ring go mba chóir go mbeadh tacaíocht le haghaidh an club lán-Ghaeilge na Gaeil Óga ach is indéanta nach bhfuil an club lonnaithe sa limistéar Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath.

Beidh an chéad cruinniú eile ar an chéad lá de Dheireadh Fómhair.